FODHLÍTHE 2010 UM CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ MAIDIR LE PÁIRCEANNA, SPÁSANNA OSCAILTE AGUS REILIGÍ.

DE BHRÍ GO BHFUIL AN CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ an t-údarás áitiúil do Chathair Chorcaí, tá an chumhacht aici, de bhua Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, fodhlíthe a dhéanamh le haghaidh nó maidir le húsáid, oibríocht, cosaint, rialúchán nó cothabháil d'aon talamh, seirbhísí, nó d'aon ábhar eile arna soláthar ag Comhairle Cathrach Chorcaí nó faoi rialú nó bhainistíocht Chomhairle Cathrach Chorcaí nó maidir le haon ábhar eile i ndáil leo sin.

BÍTEAR AR AN EOLAS GO NDÉANANN AN CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ an tÚdarás Áitiúil do Chathair Chorcaí, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí arna luaite, leis seo na fodhlíthe seo a leanas le haghaidh nó maidir le húsáid, oibríocht, cosaint, rialúchán nó cothabháil na bpáirceanna, na spásanna oscailte agus na reiligí, a bhfuil faoi rialú agus faoi bhainistíocht Chomhairle Cathrach Chorcaí agus a bhfuil suite go hiomlán i gCathair Chorcaí.

1. Gairfear é seo a leanas ar na Fodhlíthe seo: Fodhlíthe 2008 Um Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir le Páirceanna, Spásanna Oscailte agus Reiligí.

2. **Tosú na bhFodhlíthe :** Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar lá de 2010.

3. **Réimse den Fheidhmiú:** Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo sna páirceanna, reiligí agus spásanna oscailte a shonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo agus sna páirceanna, reiligí agus spásanna oscailte a bhfuil á thógáil faoi láthair nó a fhorbrófar sa todhchaí, a bhfuil faoi rialú agus faoi bhainistíocht Chomhairle Cathrach Chorcaí agus a bhfuil suite go hiomlán i gCathair Chorcaí.

4. **Léirmhíniú:**

A. Sna Fodhlíthe seo, tagraíonn an focal páirc do na Páirceanna arna sonrú sa sceideal a ghabhann leis seo, cibé acu a bhfuil oscailte nó iata, lena n-áitrítear troscán, trealamh, dealbha, séadchomharthaí, scairdeáin agus feistí arna ndílsiú do Chomhairle Chathrach Chorcaí nó a bhfuil faoina rialú.

B. Sna Fodhlíthe seo, tagraíonn an focal reilig do na reiligí arna sonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo.

C. San áireamh sa fhrása "Spás Oscailte", tá na tailte, spásanna oscailte, gairdíní, siúláin, troscán páirce, trealamh, dealbha, séadchomharthaí, scairdeáin agus feistí arna ndílsiú do Chomhairle Chathrach Chorcaí nó a bhfuil faoina rialú i gcomhair soláthair na háiseanna le haghaidh cluichí agus caitheamh aimsire a dhéanamh orthu.

D. Sna Fodhlíthe seo, in aon tagairt don inscne fhirinscneach tá an tagairt don inscne bhaininscneach san áireamh freisin agus in aon tagairt don inscne neodrach tá na hinscní firinscneacha agus baininscneacha san áireamh chomh maith.

E. Sna Fodhlíthe seo, in aon tagairt don uimhir uatha tá an uimhir iolra san áireamh freisin.

F. Ciallaíonn "Comhairle" an Chomhairle Cathrach Chorcaí.

G. Sna focail "Fostaí na Comhairle"; folófar gach Maoirseoir, Maor-Oifigeach, Saoiste, Maor Páirce, Seirbhíseach, Gníomhaí nó aon duine eile arna fhostú agus arna údarú go cuí ag an gComhairle i gcomhair na bhFodhlíthe seo a riar agus a chur i bhfeidhm.

H. Ciallaíonn "Duine Údaraithe" duine arna údarú i scríbhinn ag an gComhairle nó ball den Gharda Síochána.

I. San fhocal "Uiscí" folófar aibhneacha, inbhir, sruthanna, lochanna, linnte, taiscumair nádúrtha agus saorga araon, canálacha srl.

J. Ciallaíonn "Druga Rialaithe" aon substaint, táirge nó ullmhóid arna sonrú sa sceideal a ghabhann leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 nó aon acht nó rialachán leasaitheach.

K. San fhocal folófar "Capall" asal agus miúil.

L. Ciallaíonn "Cead ón gComhairle" cead ó dhuine údaraithe i scríbhinn.

M. Tá an chiall chéanna ag "Ceadúnas" agus mar atá ag "Cead ón gComhairle".

N. Ciallaíonn "áitribh torann-íogair" réadmhaoine cónaithe, ospidéal, scoil, séipéal nó teach altranais.

1. Oscailt agus Dúnadh:

a. Osclófar na Páirceanna, Reiligí ar cibé laethanta agus le linn cibé uaireanta a shocraíonn an Chomhairle ó am go ham.

b. Beidh na huaireanta oscailte agus dúnta faoi réir athraithe ag an gComhairle de réir mar is gá.

c. Ní cheadófar d'aon duine dul isteach nó amach ó pháirc nó reilig ach amháin trí na geataí nó oscailt arna soláthar ag an gComhairle chuige sin .

d. Ní cheadófar d'aon duine nach bhfuil údaraithe dul isteach ná fanacht i bpáirc nó reilig nuair atá sé dúnta.

2. **Trácht:**

a. Ní cheadófar d'aon duine rothaíocht, ná húsáid a bhaint as clár scátála, lanna rollála nó amhail fearais eile i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte eile ar dhóigh is cúis le núis nó le cránas d'úsáideoirí eile den pháirc, den reilig nó den spás oscailte ná ar dhóigh is cúis le damáiste d'aon réadmhaoine poiblí.

b. Ní cheadófar d'aon duine ach amháin d'Fhostaí na Comhairle nó do bhall den Gharda Síochána tiomáint ná bheith ina phaisinéir i bhfeithicil inneallghluaiste i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte, ach amháin ar bhealaí údaraithe.

c. Ní cheadófar d'aon duine feithicil neámheicniúil a fhaoileáil i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte, ach amháin ar bhealaí údaraithe.

d. Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 3c maidir le (i) Rothair nó trírothach arna n-úsáid ag leanaí faoi 10 mbliana d'aois a bhfuil le duine fásta agus a bhfuil faoi chúram duine fásta agus (ii) Rothaithe ag úsáid lána rothaíochta sainithe.

e. Ní cheadaítear d'aon duine tiomáint i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte ná ní cheadaítear d'aon duine úsáid a bhaint as feithicil, gluaisrothair, scútair nó móipéid ar bhealach ar bith d'fhonn treoracha a thabhairt nó a fháil maidir le feithicil a thiomáint, a bhainistiú nó a dheisiú.

f. Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 3c maidir le cathaoireacha rothaí, naíchóistí nó feithiclí cosúla a bhogtar, a tharraingítear nó a ghluaistear leis an lámh nó go meicniúil, á n-úsáidtear chun leanaí, daoine tinn nó daoine faoi mhíchumas a iompar amháin.

g. Ní cheadaítear d'aon duine aon fheithicil, rothar nó trírothach a fhágáil leis féin i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte ach amháin in áiteanna ina bhféadtar iad a pháirceáil nó a sheasamh.

h. Is é ____ km in aghaidh na huaire an luasteorainn d'fheithiclí i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte.

3. **Ainmhithe**:

a. Ní cheadaítear d'aon duine ligean do chapall arna shainmhíniú san Acht um Rialú Capall 1996 dul isteach nó fanacht i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte. Níl feidhm ag an bhfodhlí seo do bhaill den Gharda Síochána a bhfuil ar capall agus a gcúraimí á gcomhall acu.

b. Ní cheadaítear d'aon duine ligean d'eallaí, do chaora, do chapall nó d'aon ainmhí eile a ghránú ar pháirc, ar reilig nó ar spás oscailte, nó a ligean dóibh a fhulaingt nó a bheith ar fuaidreamh i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte gan an toiliú i scríbhinn ón gComhairle faoi réir téarmaí agus coinníollacha d'amhail cead.

c. Ní cheadaítear d'aon duine madra a thabhairt isteach nó a ligean dó fanacht i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte mura bhfuil an madra ar iall.

d. Ba chóir nach ligeann aon duine, a bhfuil madra ina chumhacht aige i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte, don mhadra cuir isteach ar aon duine a bhfuil ag úsáid na páirce, reilige nó an spáis oscailte, agus nach ligeann sé/sí don mhadra imní a chuir ar nó díobháil a dhéanamh d'aon ainmhithe, éin nó aon chréatúir eile atá i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte ná níor chóir ligtear don mhadra iad a ruaigeadh.

e. Beidh aon duine a thugann madra isteach i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte freagrach as iompar an mhadra agus beidh siad faoi dhliteanas i leith aon damáiste nó díobháil a dhéanann sé. Ba chóir don duine a thugann madra isteach i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte é a thabhairt amach má ordaíonn an duine údaraithe é.

f. Má dhéanann an madra fearadh i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte, ba chóir don duine a bhfuil freagrach as an madra, an fearadh a thógáil agus é a chuir i mbosca bruscair nó aon ghabhdán eile atá ceaptha chuige sin. Níl feidhm ag an bhfodhlí seo do Mhadraí Treorach do na Daill.

g. Ní cheadaítear d'aon duine ligean d'aon mhadra contúirteach, arna shainmhíniú sa Control of Dogs (Restriction of Certain Dogs) Regulations 1991 * nó in aon Rialachán nó Acht leasaitheach ina dhiaidh sin, dul isteach nó fanacht i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte. Ní bheidh feidhm ag an bhFodhlí seo do mhadra a bhfuil á choimeád ag an nGarda Síochána agus a bhfuil á úsáid ag ball den Gharda Síochána i gcúrsa a dhualgais amháin.

4. Ginearálta maidir le Daoine a Úsáideann Páirceanna, Reiligí agus Spásanna Oscailte

Ní cheadaítear d'aon duine:-

a. Siúl ar cheapach bláthanna nó trí aon fháschoill arna iata le rosán nó trí aon talamh eile arna iata i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte ach amháin Fostaí de Chomhairle Cathrach Chorcaí a bhfuil ag obair nó i mbun oibre chun iad sin a chur síos, a phlandáil, a fheabhsú nó a chothabháil.

b. Díobháil a dhéanamh d'aon chrann, tor nó planda a bhfuil ag fás i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte ná iad a scriosadh nó aon bhláth, nó scoth nó aon toradh a phiocadh, a ghearradh nó a thógáil ó aon chrann, tor nó planda a bhfuil ag fás ann, ach amháin Fostaí de Chomhairle Chathrach Chorcaí a bhfuil ag obair nó i mbun oibre chun iad sin a chur síos, a phlandáil, a fheabhsú nó a chothabháil.

c. Dreapadh aon chrann nó aon tor i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte nó ní cheadaítear dreapadh aon sconsa, ráille nó balla i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte.

d. Díobháil a dhéanamh d'aon fhógra nó clár fógra i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte, ná ní cheadaítear scríobh graifítí orthu nó iad a chur ó dhealramh nó cuir isteach orthu i mbealach ar bith.

e. Aon éan, nead éin nó ubh éin i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte a scriosadh, ná ní cheadaítear díobháil a dhéanamh orthu ná cuir isteach orthu i mbealach ar bith ná ní cheadaítear iad a thógáil ó pháirc, reilig, nó ó spás oscailte ná ní cheadaítear imní a chuir ar, nó cuir isteach ar, nó drochúsáid a thabhairt d'aon ainmhí i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte

f. Aon diúrachán a chaitheamh i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte ná ní cheadaítear damáiste a dhéanamh d'aon réadmhaoine ná aon duine nó aon fhiadhúlra a chur i mbaol laistigh de pháirc, de reilig nó de spás oscailte.

g. Cur isteach go bagrach, bagair nó cur isteach ar aon duine i mbealach ar bith atá ag úsáid nó ag baint sult as an bpáirc, reilig nó an spás oscailte.

h. Aon ithir, gaineamh, gairbhéal, cloch nó adhmad a thógáil nó a bhaint ó pháirc, ó reilig nó ó spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

i. Iascach in aon pháirt den pháirc, reilig nó spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

j. Aon bhuidéal, gloine, poirceallán, stán, coimeádán, bruscar nó dramhaíl a dhumpáil nó a chur de láimh i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn siad i gcoimeádán arna cheaptha chuige sin.

k. Aon arm tine, aerghunna, crann tabhaill nó aon arm eile a thabhairt isteach i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle do chomórtas údaraithe nó do chleachtas le haghaidh comórtais údaraithe agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

l. Aon tine nó tine chnámh nó fulacht fia a dhéanamh nó aon tine ealaíne a úsáid i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead roimhe seo i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

m. Déircínteacht, Cearrbhachas a dhéanamh ná caint gháirsiúil nó eascaine a úsáid, ná ní cheadaítear a bheith mígheanasach ná iomchuí ná cuir isteach ar aon duine i mbealach ar bith.

n. Seirbhís reiligiúnach nó cruinniú poiblí a thionóil nó a aitheasc a thabhairt orthu ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle. Níl feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le tionól de sheirbhísí reiligiúnacha i Reiligí.

o. Aon fhostaí den Chomhairle a chomhrac, a bhacadh nó a chuir isteach air/uirthi nuair atá sé i mbun a dhualgais/ a dualgais ná ní cheadaítear d'aon duine a ordaithe/ a hordaithe dlíthiúla a neamhchomhlíonadh.

p. Snámh sna huiscí i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn na réigiúin ceaptha ag an gComhairle chuige sin.

q. Scátáil ar aon uisce de loch, linn nó sruthchúrsa atá reoite i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ná ní cheadaítear aon loch, linn nó sruthchúrsa a thruailliú ná a bhacadh.

r. Rafta báid nó aon soitheach cosúil leis sin a úsáid ar aon sruthchúrsa i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

s. Druga rialaithe ná tuaslagóir a thógáil, a insteall, a ion-análú ná a thógáil i mbealach ar bith eile i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte.

t. Aon aerárthach mionsamhla, aon bhád seoil mionsamhla ná aon fheithicle inneallghluaiste a úsáid i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

u. Díobháil ná damáiste a dhéanamh d'aon pháirc nó cúirt spraoi i bpáirc nó i spás oscailte ná ní cheadaítear iad a scriosadh.

v. Aon champa ná ionad a chur suas ná aon charbhán ná feithicil chodlata a choimeád in aon pháirt de pháirc, reilig nó spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn roimhe sin ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

w. Aon lasáin ná toitín ná aon fhearas cosúil leo sin a chaitheamh uait, nuair atá cumas acu tine a thosú nuair a chuirtear é le haon tor crainn, casarnach, planda fásra, nó aon struchtúir adhmaid i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte.

5. Áiteanna Súgartha do Leanaí

a. Ní cheadaítear do dhaoine ach amháin do leanaí faoi 12 bhliain d'aois aon trealamh ná fearais súgartha in aon áit súgartha do leanaí a úsáid i bpáirc, i reilig, ná i spás oscailte arna gceapadh do leanaí óga amháin.

b. Ní cheadaítear rothaíocht, clárscátáil ná gníomhaíocht chosúil a dhéanamh in áit súgartha do leanaí i bpáirc nó i spás oscailte.

6. Trádáil

a. Ní cheadaítear d'aon duine aon tráchtearra d'aon chineál a dhíol, a ofráil ná a thaispeáint lena dhíol i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead, ná ní cheadaítear aon phóstaeir, lámhbhille ná fógra eile a thaispeáint gan amhail cead i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte, ná ní cheadaítear fótagraif a thógáil i gcomhair íocaíochta gan amhail cead.

b. Ní ghearrfar aon duine, eagraíocht ná club srl. muirir i gcomhair páirt a ghlacadh i gcluiche nó taispeántas ná i gcomhair é a fheiceáil i bpáirc ná i spás oscailte ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha d'amhail cead.

c. Ní cheadaítear d'aon duine fruiliú a lorg, ná aon chapall, ainmhí eile ná feithicil a scaoileadh i bpáirc, i reilig, nó i spás oscailte.

7. Taibhiú Ceoil agus Damhsaí:

Ní cheadaítear d'aon duine páirt a ghlacadh i dtaibhiú ceoil (cibé gutha nó uirlise) ná é a stiúradh, ceolchoirm dhamhsa nó aon siamsaíocht eile cosúil le sin in aon pháirt de pháirc, de reilig ná de spás oscailte, ná ní cheadaítear aon raidió, teilifís, fís, seinnteoir dlúthdhioscaí ná seinnteoir caiséad a úsáid i bpáirc, i reilig nó i spás oscailte, ach amháin nuair a bhíonn cead i scríbhinn ón gComhairle agus nuair a bhíonn sé faoi réir cibé coinníollacha arna bhforordú ag an gComhairle,

8. Cluichí agus Lúthchleasa:

a. Ní eagróidh aon duine, club ná eagraíocht peil ná ní ghlacfaidh siad páirt i bpeil ná in aon chluichí ná lúthchleasa eile ach amháin nuair atá áit i bpáirc nó i spás oscailte arna gceaptha chuige sin ag an gComhairle, agus ansin beidh sé faoi réir agus i gcomhréir le hamhail coinníollacha arna leagtha amach ag an gComhairle ó am go ham nó arna stiúradh ag duine údaraithe ag an gComhairle.

b. Ní eagróidh aon duine, club ná eagraíocht an cluiche peile ná ní ghlacfaidh siad páirt i bpeil ná in aon chluichí ná lúthchleasa eile nuair a mheasann duine údaraithe ón gComhairle nach bhfuil na tailte oiriúnach d'amhail úsáid agus nuair a eisítear fógra maidir le toirmeasc imeartha sna páipéir nuachtáin/raidió chuig na páirtithe leasmhara go léir agus/nó a chuirtear an fógra suas ag páirc/ spás oscailte nó in aice leo.

c. Ní imreoidh aon duine an cluiche gailf ná ní chleachtfar aon tréith den chluiche in aon pháirt de pháirc nó de spás oscailte ach amháin sna háiteanna (má tá) arna gceaptha go sonrach chuige sin.

d. D'fhéadfaí na háiseanna imeartha a tharraingt siar ó aon duine, club nó eagraíocht a sháraíonn aon fhorálacha de mhíreanna (a) nó (b) den fhodhlí seo.

e. Ní cheadaítear d'aon duine gníomhú ná iompair ar dhóigh a choisceann nó a chuireann isteach ar chluiche peile nó aon chluiche nó lúthchleasa eile in áiteanna de pháirc nó de spás oscailte arna gceaptha ag an gComhairle chuige sin.

9. Plandlann Teach Gloine Grianán:

Ní cheadaítear d'aon duine dul isteach ná fanacht in aon phlandlann ná in aon teach gloine ná grianán i bpáirc nó i spás oscailte gan cead i scríbhinn ón gComhairle, ach amháin nuair atá an phlandlann, teach gloine nó grianán oscailte don phobal.

10. Ceadúnais:

a. Gach Ceadúnas arna dheonú d'aon duine, club nó eagraíocht atá ceadúnaithe ag an gComhairle cuid de pháirc nó spás oscailte a áitiú, beidh sé i gcomhréir le hamhail coinníollacha mar a gcomhlíonfadh leis na fodhlíthe seo.

11. Cumhachtaí de Dhuine Údaraithe

a. Féadfaidh duine údaraithe iarraidh ar aon duine aon ghníomhaíocht a fhágáil nó a stopadh má mheastar gur sháraigh sé/sí fodhlí, nó go bhfuil sé/sí á shárú i bpáirc, i spás oscailte ná i reilig aon ghníomhaíocht, agus féadfaidh an duine údaraithe aon duine a aistriú mura gcomhlíonfadh amhail cead.

b. Má mheasann duine údaraithe go bhfuil cion á dhéanamh aige/aici nó go ndearna sé/sí cion, féadfaidh an duine údaraithe ainm agus seoladh amhail duine a iarradh agus má dhiúltaíonn sé/sí an t-éileamh sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh sé/sí ciontach i gcion.

c. Má mheasann ball den Gharda Síochána go bhfuil cion á dhéanamh ag duine nó go ndearna sé/sí cion, féadfaidh an Garda an duine a ghabháil gan an mbarántas.

d. Níl dualgas ar dhuine comhlíonadh le hiarratas de dhuine údaraithe mura dtaispeánann an duine údaraithe sin fianaise dá cheapachán/ceapachán údaráis, nuair a iarrtar air.

12. **Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta:**

a. Má tá cúis réasúnach ag aon duine údaraithe nach ball den Gharda Síochána é nó í chun a chreidiúint go bhfuil sárú a dhéanamh nó go bhfuil sárú déanta ag duine ar fhoráil de na fodhlíthe seo féadfaidh an duine údaraithe fógra maidir le híocaíochtaí seasta a sheirbheáil ar an duine arna fhorordú leis na Rialacháin

um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Fodhlíthe) 2006 (I.R. Uimh. 362 de 2006) nó le haon rialachán eile lena leasaítear nó lena leathnaítear an céanna. Sonrófar san Fhógra ainm agus seoladh an chiontóra líomhnaithe, cineál an tsáraithe, i dtéarmaí ginearálta, a líomhnáitear a bheith déanta, an dáta agus áit a líomhnaítear go ndearnadh an sárú agus go bhféadfaidh an duine le linn na tréimhse 21 lá ag tosú ar dháta an fhógra íocaíocht de €75.00 a dhéanamh leis an gComhairle ag Halla na Cathrach Corcaigh a mbeidh an fógra ag gabháil leis agus nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an tsáraithe líomhnaithe le linn na tréimhse a shonrófar san fhógra. Tríd is tríd, is i gcruth an fhógra a leagtar amach sa Sceideal Cuid 2 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, a bheidh an Fógra maidir le híocaíochtaí seasta.

b. I gcás go ndearna duine íocaíocht sheasta go cuí i leith sárú líomhnaithe le linn na tréimhse a shonrófar san fhógra ní thionscnófar aon imeachtaí i gcoinne an duine i leith an tsáraithe líomhnaithe.

c. Síneofar fógra íocaíochta seasta faoi Rannán 206 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ar son an údaráis áitiúil ábhartha ag “duine údaraithe” laistigh de chiall Rannáin 204 (1).

13. Seirbheáil Fógraí:

Aon fhógra a chaithfear seirbheáil faoi réir agus faoi bhun na bhfodhlíthe seo, seirbheálfar é trí cheann de na modhanna seo a leanas:

(i) É a sheoladh chuig an duine,
(ii) É a fhágáil ag an seoladh ina bhfuil cónaí ar an duine de ghnáth,
(iii) É a sheoladh sa phost i litir chláraithe réamhíoctha, leis an seoladh den duine a bhfuil ina chónaí de ghnáth ag an seoladh sin.
(iv) É a fhágáil ag an seoladh a thug an duine, nó é a sheoladh i litir chláraithe réamhíoctha chuig an duine ag an seoladh sin, má thug an duine seoladh don tseirbheáil fógra.

14. Pionóis:

a. Má sháraíonn duine foráil de na fodhlíthe seo, beidh sé ciontach i gcion faoi agus de bhua Alt 204 agus Alt 205 den Acht Rialtais Áitiúil, agus ar é a chiontú go hachomair dlífear fíneáil nach mó ná €1904.61.

b. Má leantar le sárú an fhodhlí tar éis ciontaithe, beidh an duine a sháraíonn an fodhlí ciontach i gcion ar gach lá a leanann an sárú ar aghaidh agus ar é a chiontú go hachomair do gach cion dlífear fíneáil nach mó ná €126.97.

15. Cosaint:

Sna fodhlíthe seo ní chealófar, ní chúngófar ná ní theorannófar aon réiteach atá ann don tréimhse ar díotáil nó go hachomair ná ní chuirfear isteach ar chumhachtaí an Gharda Síochána nó ar aon údarás atá ann go dlíthiúil i gcomhair cionta a chosc nó a phionósú.

SCEIDEAL

PÁIRCEANNA:

1. Linn Atlantach
2. Páirc Bhaile an Locha
3. Páirc Beaumont
4. Páirc an Easpaig Lucey
5. Páirc Bhaile an Easpaig
6. Páirc Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh
7. Páirc na Claise Duibhe
8. Páirc Chnoc na Seamar
9. Páirc Mhic Gearailt
10. Páirc Dhiarmaid Uí Shúilleabháin
11. Páirc Abhainn an Ghleanna
12. Páirc Ghleann na Muaidhe
13. Páirc Sheosaimh Mhic Aodh
14. Páirc Uí Chinnéide
15. Páirc na Cille Móire
16. Páirceanna na Laoi
17. Páirc Loch Machan
18. Páirc Mhíleac
19. Páirc Popham
20. Páirc Sheáin Uí Chróinín
21. Páirc Shalom
22. Páirc Bhóthar na Sceiche Airde
23. An Loch
24. Páirc Bhóthar na mBuaircíní
25. Páirc Reilig Mhíleata
26. Páirc Naomh Anna

WALKWAYS:

1. Siúlán Machan
2. Siúlán na Mairdíge
3. Siúlán an Mharina
4. Siúlán Bhruacha na Laoi
5. Siúlán Abhainn na Trá Móire
6. Siúlán Líne na Carraige Dúibh

REILIGÍ:

1. Reilig San Caitríona
2. Reilig Naomh Fionnbarra
3. Reilig Naomh Iósaf
4. Reilig Naomh Micheál

Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáthshéala um Chomhairle Cathrach Chorcaí ar lá de 2010.

I LÁTHAIR nuair a greamaíodh
an Gnáthséala um **CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ**
leis seo; Bhí an tArd-Mhéara
i láthair freisin:

_____
ARDMHÉARA

_____
BAINISTEOIR CATHRACH

_____
DEBORAH G. HEGARTY